



# Buiséad Theaghlach Weldon Ceist Shamplach



Seo a leanas buiséad Weldon le haghaidh ceithre mhí, Meán Fómhair go Nollaig 2019. €400 atá san airgead tirim tosaigh.

### Ioncam Pleanáilte

- Tuilleann Jack Weldon €2,800 glan sa mhí agus tá súil aige go bhfaighidh sé bónas de €400 glan i mí na Nollag.
- Tuilleann Mia Weldon €2,400 glan sa mhí agus tá súil aici le laghdú de €800 in aghaidh na míosa ó 1 Deireadh Fómhair.
- Táthar ag súil le sochar linbh €425 sa mhí.

### Caiteachas Pleanáilte

- Cosnaíonn an morgáiste tí €900 sa mhí. Tíocfaidh meadú €40 in aghaidh na míosa air sin ón 1 Samhain.
- €720 sa bhliain atá i bpréimh an árachais tí, agus bíonn sé iníoctha gach mí ón 1 Meán Fómhair.
- Íocann teaghlach Weldon préimh árachas sláinte de €150 in aghaidh na míosa. Méadóidh an phréimh seo €25 in aghaidh na míosa ón 1 Nollaig 2019.
- Is ionann costais teaghlaigh agus €1,500 sa mhí, ach amháin i mí na Nollag, nuair a bheidh €600 breise i gceist.
- Úsáideann teaghlach Weldon iompar poiblí chun taisteal chuig na hoibre. Cosnaíonn ticéad bus Jack €130 in aghaidh na míosa agus cosnaíonn ticéad DART Mia €90 in aghaidh na míosa. Tá súil acu freisin tacsaithe a úsáid a chosnóidh €50 do cheolchoirm i mí Dheireadh Fómhair.
- Meastar go mbeidh billí le haghaidh solais agus teasa de €165 i mí Mheán Fómhair agus €210 i mí Dheireadh Fómhair.
- Meastar go gcosnóidh ola teasa €600 i mí na Nollag.
- Meastar go gcosnóidh an líne theileafóin thalún €100 i mí Dheireadh Fómhair agus €110 i mí na Nollag. Chomh maith leis sin, cosnóidh teileafóin phóca €70 in aghaidh na míosa.
- Cosnóidh bronnánais €120 i mí Mheán Fómhair agus €190 i mí Dheireadh Fómhair agus cosnóidh bronnánais Nollaig €720 i mí na Nollag.
- Cosnóidh siamsaíocht €450 in aghaidh na míosa ach amháin i mí Dheireadh Fómhair nuair a chosnóidh ticéid cheolchoirme €200 sa bhreis.
- Tá saoire in áirithe ag teaghlach Weldon a chosnóidh €900 i mí na Samhna. Caithfear éarlais de 20% den chostas iomlán a íoc i mí Mheán Fómhair agus an t-iarmhéid a íoc i mí na Samhna.



a) Líon teimpléad glan an bhuiséid teaghlaigh do theaghlach Weldon agus úsáid á baint agat as na suimeanna thíos.

b) Mínigh an téarma 'Caiteachas Lánroghnach



# Aonad 5 - Ceacht 7



## Buiséad Theaghlach Weldon Ceist Shamplach



	Meán Fómhair	Deireadh Fómhair	Samhain	Nollaig	Iomlán
<b>Ioncam pleanáilte</b>	€	€	€	€	€
Jack Weldon - Tuarastal					
Mia Weldon - Tuarastal					
Sochar linbh					
<b>A. Ioncam Iomlán</b>					
<b>Caiteachas Pleanáilte</b>					
<b>Seasta</b>					
Morgáiste tí					
Árachas tí					
Árachas sláinte					
<b>Fo-iomlán</b>					
<b>Neamhrialta</b>					
Costais teaghlaigh					
Costais iompair					
Solas & teas					
Guthán					
<b>Fo-iomlán</b>					
<b>Roghnaíoch</b>					
Bronntanais					
Siamsaíocht					
Saoire					
<b>Fo-iomlán</b>					
<b>B. Caiteachas Iomlán</b>					
Glanairgead tirim (A - B)					
Airgead tirim tosaigh					
Airgead tirim deiridh					

